



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2009/147/CE – Éin fhiáine a chaomhnú – Airteagal 5 – Toirmisc atá beartaithe chun cosaint éan a áirithiú – Airteagal 9 – Maoluithe – Airteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Toirmeasc ar leagan crann le linn thréimhse pórúcháin agus tógála na n-éan)

I gCás C-784/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Riigikohus (an Chúirt Uachtarach, an Eastóin), trí bhreith an 19 Nollaig 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 19 Nollaig 2023, sna himeachtaí

OÜ Voore Mets,

AS Lemeks Põlva

v

Keskkonnaamet,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, D. Gratsias, E. Regan, J. Passer (Rapóirtéir) agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: C. Strömholm, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 11 Nollaig 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- OÜ Voore Mets, ag I. Veso, vandeadvokaat,
- AS Lemeks Põlva, ag A. Hainsoo agus M. Paloots,
- Rialtas na hEastóine, ag M. Kriisa, i gcáil Gníomhaire,
- Rialtas na Fionlainne, ag H. Leppo agus M. Pere, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Eastóinis.

- Rialtas na Sualainne, ag F.-L. Göransson agus C. Meyer-Seitz, i gcáil Gníomhairí,
 - Parlaimint na hEorpa, ag M. Allik agus W. D. Kuzmienko, i gcáil Gníomhairí,
 - Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag M. Alver agus A. Maceroni, i gcáil Gníomhairí,
 - an Coimisiún Eorpach, ag E. Randvere agus N. Ruiz García, i gcáil Gníomhairí,
- tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Feabhra 2025,
- an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 5(a), (b) agus (d) agus an tríú fleasc d’Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO 2010 L 20, lch. 7, ‘an Treoir maidir le hÉin’) agus Airteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in dhá shraith imeachtaí idir OÜ Voore Mets agus AS Lemeks Põlva, faoi seach, agus Keskkonnaamet (Oifig Comhshaoil, an Eastóin), maidir le horduithe lenar chuir an Oifig Comhshaoil leagan foraoise ar fionraí chun pórú éan a chosaint.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Treoir maidir le hÉin

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 3, 5, 7, 8 agus 10 den Treoir maidir le hÉin:
 - ‘(3) I gcríoch Eorpach na mBallstát, tá laghdú ag teacht ar líon mór speiceas éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin, laghdú an-tapa i gcásanna áirithe, agus tá an laghdú sin ina bhagairt thromchúiseach ar chaomhnú an chomhshaoil nádúrtha, go háirithe mar gheall ar na bagairtí a bhaineann leis do chothromaíocht bhitheolaíoch.
- [...]
- (5) Is gá na speicis éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát a chaomhnú chun cuspóirí an Chomhphobail [Eorpaigh] a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus ar fhorbairt inbhuanaithe
- [...]

- (7) Is é is aidhm don chaomhnú ná acmhainní nádúrtha a chosaint agus a bhainistiú go fadtéarmach mar chuid lárnach d'oidhreacht phobail na hEorpa. Fágann sé gur féidir acmhainní nádúrtha agus úsáid na n-acmhainní sin a rialú ar bhonn na mbeart is gá chun an chothromaíocht nádúrtha idir speiceas a chothabháil agus a oiriúnú a mhéid is féidir le réasún.
- (8) Is ríthábhachtach do chaomhnú gach speicis éin a ndóthain éagsúlachta agus limistéar gnáthóg a chaomhnú, a chothabháil nó a athbhunú. Ní mór speicis áirithe éan a bheith faoi réir bearta caomhnaithe speisialta maidir lena ngnáthóg chun a áirithiú go mairfidh siad agus go bpóraíodh siad ina limistéar dáilte. Ní mór speicis imirceacha a chur san áireamh sna bearta sin freisin agus ní mór iad a chomhordú d'fhonn líonra comhleanúnach a bhunú.

[...]

- (10) Mar gheall ar leibhéal a líon, a ndáileadh geografach agus a rátaí pórúcháin ar fud an Chomhphobail, féadfar speicis áirithe a fhiach, ar úsáid inghlactha é, ar choinníoll go mbunaítear agus go n-urramaítear teorainneacha áirithe, agus go bhfuil oibríochtaí fiaigh den sórt sin comhoiriúnach le cothabháil líon na speiceas sin ar leibhéal sásúil.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 4 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Treoir sin:

'Baineann an Treoir seo le caomhnú gach speicis éin a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát lena mbaineann an Conradh. Cumhdaítear léi cosaint, bainistiú agus rialú na speiceas sin agus leagtar síos rialacha maidir lena n-úsáid.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 5 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin:

'Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun líon gach speicis éin dá dtagraítear in Airteagal 1 a chothabháil ar leibhéal a chomhfhreagraíonn go háirithe do riachtanais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, nó chun líon na speiceas sin a oiriúnú don leibhéal sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 6 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 5 den Treoir sin:

'Gan dochar d'Airteagal 7 agus Airteagal 9, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun córas ginearálta cosanta a bhunú do gach speiceas éin dá dtagraítear in Airteagal 1, agus toirmiscfear go háirithe:

- (a) marú nó gabháil d'aon ghnó, beag beann ar an modh a úsáidtear;
- (b) a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh, nó a damáistiú, d'aon ghnó nó a neadacha a bhaint d'aon ghnó;
- (c) uibheacha a thógáil as an dúiche fhiáin agus na huibheacha sin a choinneáil fiú má tá siad folamh;

(d) cur isteach ar na héin sin d'aon ghnó, go háirithe le linn thréimhse an phórúcháin agus na tógála, a mhéid a mbeadh tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo;

(e) coinneáil éan de chuid na speiceas sin a bhfuil toirmeasc ar a bhfiach agus ar a ngabháil.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir Airteagal 9(1) den Treoir maidir le hÉin:

'Féadfaidh na Ballstáit maolú ar fhorálacha Airteagail 5 go 8, i gcás nach bhfuil aon réiteach sásúil eile ann, ar na cúiseanna seo a leanas:

- (a) – ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht an phobail,
 - ar mhaithe le sábháilteacht aeir,
 - chun damáiste tromchúiseach do bharra, beostoc, foraoisí, iascaigh agus uisce a chosc,
 - chun flóra agus fána a chosaint;
- (b) chun críocha taighde agus teagaisc, athphórúcháin nó athbhunaithe agus chun an pórúchán is gá chun na gcríoch sin a bhaint amach;
- (c) chun cead a thabhairt, ar choinníollacha dianmhaoirsithe agus ar bhonn roghnach, líon beag d'éin áirithe a ghabháil, a choinneáil nó úsáid tomhaiste eile a bhaint astu.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An Treoir maidir le Gnáthóga

8 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 12 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7; 'an Treoir maidir le Gnáthóga'):

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun córas a bhunú a thabharfaidh dianchosaint do na speicis ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV (a) ina raon nádúrtha, lena gcuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) aon chineál gabhála nó maraithe d'eiseamail na speiceas sin sa dúiche fhiáin d'aon ghnó;
- (b) cur isteach ar na speicis sin d'aon ghnó, go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin, tógála, geimhriúcháin agus imirce;
- (c) uibheacha a scriosadh nó a thógáil d'aon ghnó ón dúiche fhiáin;
- (d) meath nó scriosadh láithreáin pórúcháin nó áiteanna scíthe.

2. I gcás na speiceas sin, cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar eiseamail a ghlactar ón dúiche fhiáin a choinneáil, a iompar, a dhíol nó a mhalartú agus a thairiscint lena ndíol nó a mhalartú, cé is moite díobh siúd a ghlactar go dlíthiúil roimh chur chun feidhme na Treorach seo.

3. Beidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b) agus i mír 2 maidir le gach céim de shaolré na n-ainmhithe a bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir leo.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An dlí náisiúnta

An MS

- 9 Foráiltear le §1 28(7) den metsaseadus (MS) (an Dlí maidir le Foraoisí) an 7 Meitheamh 2006 (RT I 2006, 30, 232), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (RT I, 04.01. 2021, 10) ('MS'):

'Déanfar leagan cothabhála chun:

[...]

- 2) luach na foraoise a mhéadú, dlús agus comhdhéanamh na foraoise a bhainistiú agus úsáid adhmaid ó chrainn a d'fhéadfadh titim sa ghearrthéarma a cheadú (gearradh fothainiúil);

[...]

- 10 Foráiltear mar seo a leanas in § 29(1) de MS:

'I gcás glanleagan, leagfar na crann go léir i ndáileacht tar éis bliana, cé is moite de na crainn seo a leanas:

- 1) crainn ina bhfuil síolta, i.e. 20 go 70 péine Albanach, beith gheal, fuinseog, dair ghallda, fearnóg, leamhán bán Eorpach nó leamhán sléibhe atá scartha amach nó i ngrúpaí beaga in aghaidh an heicteáir, agus crainn óga atá inmharthana le haghaidh athfhoraoisiú;

[...]

- 3) crainn coinnithe, i.e. crainn is gá chun an bhithéagsúlacht a áirithiú, nó a stoic ina seasamh fós, ag a bhfuil toirt iomlán adhmaid an stoic nach lú ná 5 mhéadar chiúbacha in aghaidh an heicteáir, nó ar a laghad 10 méadar ciúbach in aghaidh an heicteáir i gcás glanleagan níos mó ná cúig heicteár.'

- 11 Foráiltear le § 40 de MS:

[...]

(2) Tá sé de cheart ag an Oifig Comhshaoil orduithe a ghlacadh bunaithe ar shaineolas maidir le cosaint foraoisí d'fhonn damáiste d'fhoraoisí a chosc agus leathadh damáiste d'fhoraoisí a sheachaint. De bhreis ar an méid dá bhforáiltear in § 25(9) pointí (1) go (5) agus pointí (7) go (9) den Dlí seo, áireofar san ordú, ina chuid oibríochtúil, ordú chun deireadh a chur leis an ngníomhaíocht damáisteach nó chun staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le damáiste, chun foinse na contúirte a dhíothú agus chun iarmhairtí an damáiste a rinneadh a bhaint. Cuirfear an ordú in iúl don duine atá faoi oibleagáid i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear i § 25(8) den Dlí seo.

[...]

(10) D'fhonn ainmhithe a chosaint le linn a séasúr pórúcháin, féadfaidh an tAire atá freagrach as an talamh, le rialachán, teorainn a chur le leaganacha i gclampaí ilghasach agus i gclampaí mheasctha sa tréimhse ón 15 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh.

[...]

12 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in § 41 de MS:

‘(1) Cuirfidh úinéir na foraoise nó a ionadaí [...] fógra foraoise faoi bhráid na hOifige Comhshaoil:

1) ar na leaganacha pleanáilte, cé is moite de leaganacha feabhsúcháin;

[...]

(8) Mura gcomhlíonann an leagan pleanáilte ceanglais na reachtaíochta, tá sé de cheart ag an Oifig Comhshaoil an chlárú a dhiúltú, ag tabhairt cúiseanna lena diúltú i scríbhinn agus ag déanamh moltaí chun an ghníomhaíocht a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht.

(8¹) Má chomhlíonann an leagan pleanáilte ceanglais na reachtaíochta, cláraíonn an Oifig Comhshaoil é sa chlár foraoise. [...]

An LoKS

13 I gcomhréir le § 2 den loomakaitseadus (LoKS) (an Dlí maidir le cosaint ainmhithe) an 13 Nollaig 2000 (RT I 2001, 3, 4), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (RT I, 30.12.2020, 12) (‘LoKS’):

‘(1) Chun críocha an Dlí seo, [...] is ainmhí é [...] éan.

[...]

14 Faoi § 7 de LoKS:

‘(1) Chun bás ainmhithe fiáine a sheachaint, tá sé de cheart ag údaráis forfheidhmithe dlí:

[...]

3) obair [...] foraoiseachta a chur ar fionraí le linn thréimhse pórúcháin ainmhithe fiáine.

[...]

An LKS

- 15 Foráiltear le § 55 den looduskaitseadus (LKS) (an Dlí maidir le cosaint an dúlra) an 21 Aibreán 2004 (RT I 2004, 38, 258), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (RT I, 30.12.2020, 7) ('LKS'):

'(1) Toirmeascfar eiseamal de speiceas faoi chosaint a mharú d'aon ghnó, ach amháin chun críche eotanáise.

[...]

(3) Údarófar eiseamal de speiceas cosanta de chatagóir II nó III a mharú:

[...]

4) i gcás inar gá chun damáiste do [...] shócmhainní tábhachtacha eile a sheachaint.

[...]

(5) Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 [...] agus i mír 3(2) go (5) den Airteagal seo, beidh marú an ainmhí faoi réir údarú ón Oifig Comhshaoil.

(5¹) Féadfar an t-údarú dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6¹(1) agus (2) den Airteagal seo a dheonú mura bhfuil aon bhearta eile ann is lú damáiste d'ainmhithe agus d'éin chun an cás a réiteach. Ní mór an méid seo a leanas a lua ar an gcead:

- 1) na speicis agus na heiseamail a bhfuil údarú deonaithe ina leith;
- 2) na bealaí, na gléasanna nó na modhanna a údaraítear le haghaidh na ngníomhaíochtaí;
- 3) na dálaí contúirte nó riosca, cathain agus cá háit ar féidir gníomhaíochtaí a dhéanamh;
- 4) faighteoir an údaraith;
- 5) modhanna faireachais nó modhanna eile chun monatóireacht agus seiceáil a dhéanamh ar na torthaí.

[...]

(6¹) I gcás éin fhiáine, beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- 1) scriosadh agus damáiste neadacha agus uibheacha nó baint neadacha d'aon ghnó, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear i mír 3(2) go (5) den Airteagal seo le húdarú na hOifige Comhshaoil;

2) cur isteach ar na héin sin d’aon ghnó, go háirithe le linn neadaithe agus tógáil, ach amháin [...] sna cásanna dá bhforáiltear i mír 3(2) go (5) den Airteagal seo le húdarú na hOifige Comhshaoil [...]

[...]

An Cód Bainistíochta Foraoisí

- 16 Foráiltear le § 22 den metsa majandamise eeskiri (an Cód Bainistíochta Foraoisí) (RTL 2007, 2, 16), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí (RT I, 06.04.2021, 8):

[...]

(5) Déanfaidh an Oifig Comhshaoil an togra saineolas maidir le cosaint foraoisí a thionscnamh ar bhonn faisnéise a gheofar trí fhógra foraoise nó trí aon mhodh eile:

- 1) chun críche ordú a ghlacadh d’fhonn damáiste d’fhoraoisí a chosc agus leathadh damáiste d’fhoraoisí a sheachaint;

[...]

(6) Chun togra saineolas maidir le cosaint foraoisí a choimisiúnú, cuirfidh úinéir na foraoise fógra maidir le damáiste d’fhoraoisí faoi bhráid na hOifige Comhshaoil arb é is aidhm dó foraois a athfhoraoisiú a scriosadh mar thoradh ar stoirm, ar thuilte, ar dhóiteán foraoise ar mhórscaála nó ar dhamáiste suntasach eile arb é feiniméan nádúrtha is cúis leis [...], nó a bhfuil drochshláinte aige de bharr toisca nádúrtha, chomh maith le hathfhoraoisiú clampa foraoise le feinitíopa lag nó, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag úinéir na foraoise, a bhfuil limistéar agus dlús léibheann íseal aige. [...]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 17 In Earrach 2021, rinne Voore Mets leagan foraoise ar phíosca talún in Pällo-Reino, lonnaithe i mbardas Jõgeva (an Eastóin), ar bhonn fógraí foraoise cláraithe. Glanleaganacha a bhí iontu de réir bhrí Airteagal 29(1) de MS.
- 18 Cheannaigh Lemeks Põlva an ceart adhmaid coille a úsáid ó úinéir thalamh Järveääre, lonnaithe i réigiún Põlva (an Eastóin). Ina fhógraí foraoise an 4 Bealtaine 2021, rinneadh foráil maidir le leagan fothainiúil a dhéanamh, de réir bhrí § 28(7) de MS, ar dháileacht amháin den talamh sin agus glanleaganacha ar cheithre dháileacht eile den talamh sin.
- 19 Le horduithe an 17 agus an 21 Bealtaine 2021, chuir an Oifig Comhshaoil na leaganacha foraoise a rinne Voore Mets ar thalamh Pällo-Reino ar fionraí, go dtí an 21 Bealtaine 2021 ar dtús, agus ina dhiaidh sin go dtí an 31 Iúil 2021. Le horduithe an 21 agus an 26 Bealtaine 2021, chuir an Oifig Comhshaoil na leaganacha foraoise a rinne Lemeks Põlva ar thalamh Järveääre ar fionraí freisin, go dtí an 26 Bealtaine 2021 ar dtús, agus ina dhiaidh sin go dtí an 15 Iúil 2021.

- 20 Glacadh na horduithe sin ar bhonn § 7(1) pointe (3) de LoKS agus Airteagal 55(6¹) de LKS. Tá na chéad orduithe, eadhon na horduithe a díríodh ar Voore Mets an 17 Bealtaine 2021 agus a díríodh ar Lemeks Põlva an 21 Bealtaine 2021, bunaithe ar an bhfiorais go bhfuil sé cruthaithe go heolaíoch go bhfuil péire éan goir amháin ar a laghad in aghaidh an heicteáir i ngach foraois, agus mar thoradh air sin go bhfuil fíorbhaol ann go gcuirfear isteach ar na héin le linn na tréimhse pórúcháin agus tógála agus go ndéanfar neadacha a scriosadh nó a damáistiú dá leanfaí le leagan foraoise. Thairis sin, luaitear sna dara orduithe, eadhon na horduithe a díríodh ar Voore Mets an 21 Bealtaine 2021 agus a díríodh ar Lemeks Põlva an 26 Bealtaine 2021, gur léirigh na cuairteanna ar an talamh lena mbaineann, sa dá chás, go raibh neadú cinnte, dóchúil nó féideartha ag deich speiceas éagsúla éan ar an talamh lena mbaineann.
- 21 Go sonrach, ar dtús, de réir ordú an 21 Bealtaine 2021, a díríodh ar Voore Mets, bhí fuaim éan le cloisteáil sna tailte in Põllo-Reino le linn cuairt ar an áitreabh a bhí eagraithe an lá céanna agus sainaitníodh na héin seo a leanas, ar féidir glacadh leis go réasúnach go neadaíonn siad sa limistéar chéanna, trína bhfuaim nó trína gcuma: an Ceolaire coille (*Phylloscopus sibilatrix*), an Dreolín (*Troglodytes troglodytes*), an Lon Dubh (*Turdus merula*), an Smólach ceoil (*Turdus philomelos*), an Rí rua (*Fringilla coelebs*). Thairis sin, aimsíodh neadú dóchúil den Chnóshnag Eorpach (*Sitta europaea*) agus den Chorcrán coille (*Pyrrhula pyrrhula*) ann. Ina theannta sin, tugadh faoi deara san ordú sin gur mhór an dóchúlacht go mbeadh an Tiuf-teaf (*Phylloscopus collybita*), an Ceolaire sailí (*Phylloscopus trochilus*) agus an Cuilire broinnrúa (*Ficedula parva*) ar an talamh lena mbaineann freisin. Sa chomhthéacs sin, luaitear leis an ordú sin go n-áirithítear le fionraíocht na ngníomhaíochtaí leagtha foraoise go dtí an 31 Iúil go gcosnófar neadacha déanacha, amhail an Ceolaire coille.
- 22 Ina dhiaidh sin, de réir ordú an 26 Bealtaine 2021, a díríodh ar Lemeks Põlva, leis an gcualairt ar na tailte in Järveääre bhí sé indéanta neadú cinnte den Mhórchnagaire breac (*Dendrocopos major*) agus den Rí rua, neadú dóchúil den Mheantán mór (*Parus major*) agus den Scréachóg choille (*Garrulus glandarius*), chomh maith le neadú féideartha den Tiuf-teaf, den Cheolaire coille, den Cheolaire garraí (*Sylvia borin*), den Dreoilín, den Donnóg (*Prunella modularis*) agus den Spideog (*Erithacus rubecula*) a shainaithint.
- 23 Rinne Tallinna Halduskohus (Cúirt Riaracháin Thaillinn, an Eastóin) an chaingean, trína n-iarrann Voore Mets cúiteamh as an damáiste a bhain lena ábhar foraoise a choinneáil agus a aistriú ina dhiaidh sin, a líomhnaítear a rinne an Oifig Comhshaoil dó mar thoradh ar dhá ordú ina leith, a dhíbhe. Sheas Tallinna Ringkonnakohus (Cúirt Achomhairc Thaillinn, an Eastóin) leis an gcinneadh sin.
- 24 Maidir leis na caingne a thionscain Lemeks Põlva ar dhearbhu go raibh na horduithe a bhaineann leis neamhdhleathach, sheas Tartu Halduskohus (Cúirt Riaracháin Tartu, an Eastóin) go páirteach leo agus chinn sí go raibh ordú an 26 Bealtaine 2021 neamhdhleathach, ar an bhforas, go háirithe, nár thug sé aghaidh ar cheist chomhréireacht an toirmisc iomláin ar leagan foraoise ar feadh thart ar mhí go leith, i bhfianaise líon na n-éan goir ar an talamh, tréimhsí neadaithe na n-éan sin, leasanna an iarratasóra sin sna príomhimeachtaí agus nár tugadh éisteach do na leasanna sin. Mar sin féin, chuir Tartu Ringkonnakohus (Cúirt Achomhairc Tartu, an Eastóin) an cinneadh sin ar neamhní a mhéid a sheas sí leis na caingne sin.
- 25 Agus na hachomhairc a rinne Voore Mets agus Lemeks Põlva á n-éisteacht, cuireann an Riigikohus (an Chúirt Uachtarach, an Eastóin), arb í an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an cheist an gcaithfear an coincheap ‘d’aon ghnó’, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, a thuiscint ar an mbealach céanna agus a thuigtear i gcás Airteagal 12 den Treoir maidir le

Gnáthóga, is é sin le rá, go háirithe, nach mór a mheas go bhfuil an coinníoll a bhaineann le gníomh a dhéanamh d'aon ghnó comhlíonta ní hamháin i gcás ina léirítear go raibh sé beartaithe ag déantóir na coire eiseamal de na héin a mharú nó a chur isteach orthu nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú, ach freisin i gcás ina léirítear gur ghlac sé, ar a laghad, leis an bhféidearthacht go ndéanfaí an marú, an cur isteach, an scrios nó an damáiste sin.

- 26 Más amhlaidh an cás, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach, ar an dara dul síos, cad iad na himthosca is leor chun a chinneadh go bhfuil glacadh den sórt sin ann. I ndáil leis sin, measann sí nach gá go sáraíonn láithreach péire éan in aghaidh an heicteáir, arna sainaithníodh sna chéad orduithe ar bhonn sonraí eolaíocha, an tairseach ar os a cionn nach mór a mheas gur ghlac sealbhóir na foraoise leis an bhféidearthacht go marófaí nó go gcuirfí isteach ar éin, nó go ndéanfaí a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú. Os a choinne sin, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim, *a priori*, a luaithe a bheidh na himthosca breise a aithníodh sa dara orduithe ann, gur gá glacadh leis an bhféidearthacht go bhféadfadh glanleaganacha a rinneadh le linn na tréimhse neadaithe na héin a mharú agus a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh. Mar sin féin, d'fhéadfadh an cheist teacht chun cinn maidir leis an féidir a mheas gur marú, cur isteach, scriosadh nó damáiste d'aon ghnó, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, é leagan a dhéanamh mura bhfuil rud ar bith ann le léiriú go bhfuil éin atá i mbaol ag neadú sa limistéar leagain agus sa chás nach bhfuil sé beartaithe leis an ngníomhaíocht lena mbaineann éin a mharú ná cur isteach orthu nó neadacha a scriosadh nó a dhamáistiú. Cé nach mór gach speiceas éan a chumhdach le córas cosanta, ní gá go gciallódh sé sin nach mór gach éan a chosaint ar an mbealach céanna. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ba cheart Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin a bheith ina ábhar do léiriú teileolaíoch, is é sin le rá, lena gcuirtear san áireamh an cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir sin.
- 27 Ar an tríú dul síos, cé nach mór an leagan atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas mar éin a mharú nó a chur isteach orthu nó chun a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú d'aon ghnó, is gá, de réir na cúirte a rinne an tarchur, a chinneadh an gceadaítear le hAirteagal 9 den Treoir maidir le hÉin maolú a dhéanamh ar na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a), (b) agus (d) di.
- 28 Ar deireadh, ar an gceathrú dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh an fíoras nach féidir maolú a dheonú nó go bhfuil sé faoi réir coinníollacha ródhian, mar gheall ar a chineál díréireach, a bheith contrártha leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart bunúsach chun maoine a chumhdaítear in Airteagail 16 agus 17 den Chairt, agus, mar thoradh air sin, go n-eascaíonn an cheist, de réir mar a bheidh, as comhréireacht na Treorach maidir le hÉin leis na Conarthaí, mar aon lena bhailíocht.
- 29 Sna himthosca sin, chinn Riigikohus (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:
- ‘(1). An féidir Airteagal 5(a), (b) agus (d) [den Treoir maidir le hÉin] a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag na toirmisc a leagtar síos ann ach a mhéid is gá chun daonra an speicis lena mbaineann a chaomhnú ar leibhéal a fhreagraíonn do cheanglais éiceolaíochta, eolaíochta agus cultúrtha, agus ceanglais eacnamaíochta agus fóillíochta á gcur san áireamh de réir bhrí Airteagal 2, ar choinníoll nach bhfuil marú ná corraí éan, ná scriosadh ná damáiste dá neadacha nó uibheacha mar chuspóir den ghníomh?

- (2). An bhfuil Airteagal 5(a), (b) agus (d) [den Treoir maidir le hÉin] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Treoir sin, le léiriú sa chaoi go ndéantar na gníomhartha toirmiscithe faoi na forálacha sin le linn séasúr pórúcháin na n-éan d'aon ghnó, *inter alia*, nuair is féidir glacadh leis, ar bhonn sonraí eolaíochta agus breathnóireacht ar na héin aonair, go bhfuil thart ar [10] bpéire éan in aghaidh an heicteáir ag neadú i bhforaois atá le glanadh (glanleagan) gan é a bheith léirithe go bhfuil éin aonair de speicis éin atá i staid neamhfhabhrach ag neadú sa limistéar leagain crainn?
- (3). An bhfuil Airteagal 5(a), (b) agus (d) [den Treoir maidir le hÉin], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Treoir sin, le léiriú sa chaoi go ndéantar na gníomhartha toirmiscithe faoi na forálacha sin le linn shéasúr pórúcháin na n-éin d'aon ghnó, *inter alia*, nuair is féidir glacadh leis, ar bhonn sonraí eolaíochta go bhfuil thart ar 10 bpéire éan in aghaidh an heicteáir ag neadú i bhforaois ina bhfuil cuid de na crainn le leagan (leagan fothainiúil), gan chúis a bheith ann lena chreidiúint go bhfuil éin aonair de speicis éin atá i staid neamhfhabhrach ag neadú sa limistéar leagain?
- (4). An féidir an tríú fleasc d'Airteagal 9(1)(a) [den Treoir maidir le hÉin], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Treoir sin a léiriú sa chaoi go bhfuil reachtaíocht Bhallstáit i gcomhréir leis má cheadaíonn sé maoluithe ó na toirmisc a rialaítear le hAirteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir sin sa chaoi gur féidir an glanleagan a dhéanamh le linn shéasúir pórúcháin agus tógála na n-éan d'fhonn damáiste tromchúiseach don fhoraois mar mhaoín a chosc?
- (5). An féidir an tríú fleasc d'Airteagal 9(1)(a) [den Treoir maidir le hÉin], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gceadaítear maoluithe ó na toirmisc a rialaítear le hAirteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir sin sa chaoi gur féidir leagan fothainiúil a dhéanamh le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan d'fhonn damáiste tromchúiseach don fhoraois mar mhaoín a chosc?
- (6). Mura gceadaíonn [an Treoir maidir le hÉin] glanleagan le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan atá beartaithe chun damáiste tromchúiseach d'fhoraoisí mar mhaoín a chosc, an bhfuil córas den sórt sin i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 17 den [Chairt] agus an bhfuil feidhm aige fiú mura ndéanann an leagan dochar do speicis éan atá i staid neamhfhabhrach?
- (7). Mura gceadaíonn [an Treoir maidir le hÉin] leagan fothainiúil le linn shéasúr pórúcháin agus tógála na n-éan atá beartaithe chun damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'fhoraoisí mar mhaoín, an bhfuil córas den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 16 agus 17 den [Chairt] agus an bhfuil feidhm aige fiú mura ndéanann an leagan dochar do speicis éan atá i staid neamhfhabhrach?

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

- 30 Measann Voore Mets agus Lemeks Põlva go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha. Dar leo, freagraíodh na ceistanna go léir a tarchuireadh cheana, go bunúsach, i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott i gcásanna uamtha *Föreningen Skydda Skogen* (C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2020:699) agus ní léir ar bhealach ar bith ó bhreithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen* (C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166), nach mór an coincheap 'd'aon ghnó' in Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin a léiriú ar an mbealach céanna leis sin in Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga. Thairis sin, is léir nach bhfuil deacrachtaí dlíthiúla ann a éilíonn léiriú ón gCúirt ós rud é nach gcuireann aon Bhallstát seachas Poblacht na hEastóine, ar bhonn na

bhforálacha lena dtrasuítear an Treoir maidir le hÉin, na gníomhaíochtaí leagain ar fionraí le linn thréimhse an earraigh go dtí an samhradh i bhforaoisí atá beartaithe le haghaidh úsáide foraoiseachta agus nach bhfuil faoi chosaint chun cosaint éan a áirithiú. Cuireann Voore Mets in iúl freisin go sárófaí an t-am réasúnta chun déileáil leis na díospóidí sna príomhimeachtaí mar thoradh ar scrúdú a dhéanamh ar an gcás os comhair na Cúirte.

- 31 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go bhfuil an lánrogha is leithne ag na cúirteanna náisiúnta ceist a bhaineann le léiriú na bhforálacha ábhartha de dhlí an Aontais a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Is faoin gcúirt náisiúnta amháin ar os a comhair a tugadh an díospóid agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, a chinneadh, i bhfianaise imthosca áirithe an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú nó bailíocht riail de dhlí an Aontais, tá sé de cheangal i bprionsabal ar an gCúirt rialú a thabhairt. Dá réir sin, tá toimhde ábharthachta ag baint le ceisteanna a tharchuireann na cúirteanna náisiúnta. Ní féidir leis an gCúirt diúltú do rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú atá á lorg le fíricí iarbhrí nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, i gcás ina bhfuil an fhadhb hipitéiseach, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear uirthi (breithiúnas an 9 Méan Fómhair 2021, *GE Auto Service Leasing*, C-294/20, EU:C:2021:723, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 32 Leanann sé ón bhfíoras gur féidir an freagra ar na ceisteanna a tarchuireadh a thuiscint ó Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott i gcásanna uamtha *Föreningen Skydda Skogen* (C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2020:699) agus ó bhreithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen* (C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166), agus nach n-ardaíonn aon deacracht dhlíthiúil, fiú dá mbunófaí í, de chineál a fhágann go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha.
- 33 Ar an gcéad dul síos, fiú i gcás ina réitíonn cásdlí na Cúirte Breithiúnais an pointe dlí atá i gceist, tá an lánrogha is leithne fós ag na cúirteanna náisiúnta ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte má mheasann siad gurb iomchuí é, gan léiriú a bheith déanta cheana féin ag an gCúirt ar na forálacha lena mbaineann a bhfuil sé d'éifeacht acu cosc a chur ar an gCúirt rialú nua a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear) agus, ar an dara dul síos, níl toirmeasc ar chúirt náisiúnta ar bhealach ar bith ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, ar freagra é nach bhfágann, i dtuairim duine de na páirtithe sna príomhimeachtaí, aon amhras réasúnach (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Viva Telecom Bulgaria*, C-257/20, EU:C:2022:125, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 34 Leanann sé freisin ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo nach bhfuil fad na díospóide os comhair na gcúirteanna náisiúnta ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht iarrata ar réamhrialú arna dhéanamh ag ceann de na cúirteanna sin faoi Airteagal 267 CFAE.
- 35 Ní chaitear amhras ar an measúnú sin leis na bhfíoras go gceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur agus ar an gCúirt Bhreithiúnais araon prionsabal ginearálta an dlí a urramú go bhfuil sé de cheart ag gach duine éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ama, a leagtar amach in Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR') agus in Airteagal 47 den Chairt.

- 36 Is tairseach íosta cosanta é léiriú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ar na cearta a ráthaítear le hAirteagal 6(1) de ECHR nach mór don Chúirt a chur san áireamh agus í ag léiriú na gceart comhfhreagrach a leagtar amach in Airteagal 47 den Chairt i bhfianaise Airteagal 52(3) di (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2024, *Ordre des avocats du Barreau de Luxembourg*, C-432/23, EU:C:2024:791, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 37 Is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, d'fhonn a chinneadh ar sháraigh fad na n-imeachtaí os comhair cúirt náisiúnta an ceart dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de ECHR, nár cheart imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE a chur san áireamh. De réir na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, dá gcuirfí an méid sin san áireamh, bhainfí an bonn den chóras a bhunaítear le hAirteagal 267 agus den aidhm a shaothraítear go bunúsach le hAirteagal 267 (ECtHR, 26 Feabhra 1998, *Pafitis agus páirtithe eile v. an Ghréig*, CE:ECHR:1998:0226JUD002032392, § 95, agus ECtHR, 30 Meán Fómhair 2003, *Koua Poirrez v. an Fhrainc*, CE:ECHR:2003:0930JUD004089298, § 61).
- 38 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 39 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara, ina bharúlacha i scríbhinn, go n-iarann Voore Mets ar an gCúirt ceisteanna a fhreagairt atá éagsúil ó na ceisteanna a tharchur an chúirt a rinne an tarchur chuici.
- 40 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta agus ní faoi na páirtithe sna príomhimeachtaí atá sé an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte. Dá bhrí sin, is don chúirt náisiúnta amháin a thugtar an chumhacht chun na ceisteanna atá le tarchur chuig an gCúirt a chinneadh agus ní féidir leis na páirtithe a n-ábhar a athrú (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *T-Mobile Czech Republic agus Vodafone Czech Republic*, C-508/14, EU:C:2015:657, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 41 Leanann sé go mbeadh freagra ar na ceisteanna a chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí ar neamhréir le ról na Cúirte faoi Airteagal 267 CFAE. Thairis sin, bheadh freagra ar na ceisteanna sin contrártha leis an oibleagáid atá ar an gCúirt a áirithiú go dtabharfar an deis do rialtais na mBallstát agus do na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 23 de Reachta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, toisc nach dtugtar ach na horduithe tarchuir do na páirtithe leasmhara, faoin bhforáil sin (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *T-Mobile Czech Republic agus Vodafone Czech Republic*, C-508/14, EU:C:2015:657, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 42 Dá bhrí sin, ní gá freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuir Voore Mets ar an gCúirt.

An chéad cheist

- 43 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin a léiriú sa chaoi, i gcás nach é cuspóir na gníomhaíochta daonna lena mbaineann éin a ghabháil, a mharú nó a chur isteach orthu, nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú, nach bhfuil feidhm ag na toirmisc a leagtar síos san fhoráil sin ach a mhéid is gá chun líon na speiceas éan lena mbaineann a chothabháil nó a

oiriúnú, de réir bhrí Airteagal 2 den Treoir sin, ar leibhéal a fhreagraíonn, go háirithe, do riachtanais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh.

- 44 Le hAirteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, ceanglaítear ar na Ballstáit, gan dochar d’Airteagal 7 agus Airteagal 9 den Treoir sin, na bearta is gá a dhéanamh chun córas ginearálta cosanta a bhunú do gach speiceas éin dá dtagraítear in Airteagal 1 den Treoir sin. Áirítear leis an gcóras sin, *inter alia*, faoi Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir sin, toirmeasc, sa chéad áit, ar ‘marú nó gabháil d’aon ghnó, beag beann ar an modh a úsáidtear’, sa dara háit, ‘a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh, nó a damáistiú, d’aon ghnó nó a neadacha a bhaint d’aon ghnó’ agus, sa tríú háit, ‘c[h]ur isteach ar na héin sin d’aon ghnó, go háirithe le linn thréimhse an phórácháin agus na tógála, a mhéid a mbeadh tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo’.
- 45 Ar an gcéad dul síos, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin, arna léamh i bhfianaise Airteagal 1(1) di, agus ó chomhthéacs Airteagal 5 agus ó chuspóir agus ó chríoch na Treorach sin araon, go bhfuil feidhm ag na toirmisc a leagtar síos san Airteagal sin maidir le gach speiceas éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát lena mbaineann na Conarthaí, gan cur i bhfeidhm na dtoirmeasc sin a theorannú, dá bhrí sin, do speicis shonracha áirithe éan nó speicis atá faoi bhagairt ar leibhéal áirithe nó a léiríonn laghdú fhadtéarmach. (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen*, C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166, míreanna 36, 37 agus 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 46 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le gníomh a dhéanamh d’aon ghnó in Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin, ba cheart a thabhairt faoi deara, agus Airteagal 12(1)(a) go (c) den Treoir maidir le Gnáthóga á léiriú aici, lena leagtar síos toirmisc atá comhchosúil leis na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin, gur chinn an Chúirt, chun an coinníoll sin a chomhlíonadh, ní mór a shuíomh go raibh sé beartaithe ag údar an ghnímh eiseamal de speiceas ainmhithe cosanta a ghabháil nó a mharú, cur isteach ar na speicis sin nó uibheacha a scriosadh, nó, ar a laghad, gur ghlac sé leis an bhféidearthacht go ndéanfaí an ghabháil, an marú, an cur isteach nó an scriosadh sin (féach chuige sin, breithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen*, C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 47 Ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair, i bhfianaise cheanglais aontacht agus chomhsheasmhacht dhlíchoras an Aontais, nach mór an bhrí céanna a bheith leis na coincheapa a úsáidtear le gníomhartha arna nglacadh sa réimse céanna (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Marvesa Rotterdam*, C-7/23, EU:C:2024:257, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, ag féachaint don chosúlacht, ar thaobh amháin, idir foclaíocht Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga agus Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin agus, ar an taobh eile, an áit ina bhfuil na hairteagail sin ina gcomhthéacsanna rialála faoi seach, ní mór an coincheap ‘d’aon ghnó’ in Airteagal 5 a léiriú ar an mbealach céanna leis an léiriú a ghlac an Chúirt i gcomhthéacs Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga.
- 48 Thairis sin, ní mór a chur san áireamh go leanann an léiriú ar an choincheap ‘d’aon ghnó’ de réir na brí a leagtar amach i mír 46 den bhreithiúnas seo, as breithiúnais an 30 Eanáir 2002, *an Coimisiún v an Ghréig* (C-103/00, EU:C:2002:60, míreanna 34 go 36), agus an 18 Bealtaine 2006, *an Coimisiún v an Spáinn* (C-221/04, EU:C:2006:329, mír 71). Dá bhrí sin, is féidir a thuiscint ón méid sin, nuair a ghlac Reachtas an Aontais an Treoir maidir le hÉin in 2009, trí staonadh ó shoiléirithe a thabhairt isteach maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le gníomh a dhéanamh

- d'aon ghnó in Airteagal 5 den Treoir sin, d'fhonn, *inter alia*, gníomhartha nach bhfuil sé mar chuspóir acu éin a ghabháil, a mharú nó a chur isteach orthu nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú, a eisiámh óna raon feidhme, ar gníomhartha iad a raibh sé beartaithe leo an bhrí chéanna a bheith leis an gcoinníoll sin agus atá leis i gcomhthéacs Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga.
- 49 Leanann sé go bhfuil feidhm ag na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a),(b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin ní hamháin maidir le gníomhaíochtaí daonna arb é is cuspóir dóibh éin a ghabháil, a mharú agus a chur isteach orthu, nó a neadacha agus a n-uibheacha a scriosadh nó damáistiú, ach freisin maidir le gníomhaíochtaí daonna nach bhfuil cuspóir den sórt sin acu go follasach, ach gur glacadh leis an bhféidearthacht an ghabháil, an marú, an cur isteach, an scriosadh nó an damáistiú.
- 50 Ar an tríú dul síos, maidir leis an gceist, an bhfuil feidhm ag na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin, i gcás nach é cuspóir ghníomhaíocht an duine go follasach éin a ghabháil, a mharú nó a chur isteach orthu, nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú, ach a mhéid is gá chun líon na speiceas éan lena mbaineann a chothabháil nó a oiriúnú, de réir bhrí Airteagal 2 den Treoir sin, ar leibhéal a fhreagraíonn, go háirithe, do riachtanais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh., ní mór a mheas nach bhforáiltear ach le hAirteagal 5(d) den Treoir sin go mbeidh feidhm ag an toirmeasc dá leagtar síos ann, eadhon cur isteach ar na héin d'aon ghnó, go háirithe le linn thréimhse an phórúcháin agus na tógála, 'a mhéid a mbeadh tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí [na Treorach maidir le hÉin]’.
- 51 Maidir le raon feidhme an choinníll sin, ní mór a mheabhrú go léitear cuspóir na Treorach maidir le hÉin, mar is léir ó Airteagal 1 di, i bhfianaise aithrisí 3, 5, 7 agus 8 di, chun gach speiceas éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach lena mbaineann na Conarthaí maidir leo a chosaint, a bhainistiú agus a rialáil chun a gcaomhnú d'oidhreacht phobail na hEorpa a áirithiú, rud a thugann cosaint fhadtéarmach le tuiscint trína n-éagsúlacht leordhóthanach agus a limistéar gnáthóg a chothabháil nó a athbhunú. I bhfianaise an chuspóra sin, ceanglaítear leis an Treoir sin ar na Ballstáit, de bhun Airteagal 2, arna léamh i gcomhar le haithris 10 de, na beart is gá a dhéanamh chun líon na n-éan sin a chothabháil nó a oiriúnú go leibhéal a fhreagraíonn, go háirithe, do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, ionas gur féidir é a aicmiú mar sásúil. Dá bhrí sin, ní mór an frása 'a mhéid a mbeadh tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise chuspóirí [na Treorach maidir le hÉin]’, a leagtar amach in Airteagal 5(d) den Treoir sin, a léiriú, i bhfianaise na bhforálacha sin, sa chaoi nach mór toirmeasc a chur ar chur isteach, go háirithe le linn thréimhse an phórúcháin agus na tógála, a mhéid a mbeadh tionchar suntasach ag baint leis i bhfianaise gcuspóir líon na n-éan sin a chothabháil nó a oiriúnú ar leibhéal sásúil.
- 52 Os a choinne sin, ní leagtar síos le hAirteagal 5(a) agus (b) den Treoir maidir le hÉin coinníoll atá cosúil leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(d) den Treoir sin.
- 53 Dá bhrí sin, in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir maidir le hÉin, in éagmais coinníoll atá cosúil leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(d) den Treoir sin, agus ag féachaint do na measúnuithe a leagtar amach i míreanna 46 go 49 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas nach bhfuil cur i bhfeidhm na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 5(a) agus (b) faoi réir coinníoll den sórt sin, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé de chuspóir ag na gníomhaíochtaí daonna lena mbaineann éin a ghabháil nó a mharú, nó a neadacha agus a neadacha a scriosadh nó a damáistiú.

- 54 Dá bhrí sin, murab ionann agus Airteagal 5(d) den Treoir maidir le hÉin, ní eisiatar ó raon feidhme Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir sin gníomhaíochtaí daonna nach bhfuil an baol ann go mbeidh tionchar suntasach ag baint leo i bhfianaise gcuspóir líon na speiceas éan a chothabháil nó a oiriúnú ar leibhéal sásúil, agus mar thoradh air sin nach bhfuil an scrúdú ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar leibhéal daonra na speiceas éan lena mbaineann ábhartha chun na toirmisc a leagtar síos san fhoráil dheireanach sin a chur i bhfeidhm.
- 55 Ar an taobh eile, tá scrúdú den sórt sin ábhartha i gcomhthéacs na maoluithe ar na toirmisc sin arna nglacadh faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hÉin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen*, C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166, mír 58).
- 56 Is i gcomhthéacs an scrúdaithe ar na maoluithe sin, go háirithe, chun comhréireacht an mhaolaithe atá á lorg a fhíorú, nach mór measúnú a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta atá i gceist ar leibhéal líon na n-éan lena mbaineann agus ar an ngá atá leis an ngníomhaíocht sin agus ar na réitigh mhalartacha lenar féidir an cuspóir ar a bhfuiltear ag brath chun tacú leis an maolú sin a bhaint amach. (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Márta 2021, *Föreningen Skydda Skogen*, C-473/19 agus C-474/19, EU:C:2021:166, mír 59).
- 57 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(d) ach a mhéid is gá chun cosc a chur ar chur isteach atá tionchar suntasach ag baint leis i bhfianaise an cuspóir, dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir sin, líon gach speicis éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát lena mbaineann na Conarthaí a chothabháil nó a oiriúnú, ar leibhéal a fhreagraíonn, go háirithe, do riachtanais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh. Os a choinne sin, níl cur i bhfeidhm na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir sin faoi réir coinníoll den sórt sin, fiú i gcás nach é cuspóir na gníomhaíochta daonna lena mbaineann éin a ghabháil nó a mharú nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú.

An dara agus an tríú ceist

- 58 Lena dara agus tríú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin a léiriú sa chaoi, nuair is féidir glacadh, ar bhonn sonraí eolaíocha agus breathnóireacht ar na héin éagsúil, leis an gconclúid go bhfuil thart ar 10 bpéire éan goir in aghaidh an heicteáir i bhforaois ina bhfuil sé beartaithe na crainn a leagan go hiomlán (glanleagan) nó a leagan go páirteach (leagan fothainiúil), gan é a bheith léirithe go bhfuil speicis éin atá i stádas caomhnaithe neamhfhabhrach ag neadú sa limistéar leagain, cumhdaítear na leaganacha sin le linn thréimhse pórcháin agus tógála na n-éan leis na toirmisc a leagtar síos san fhoráil sin.
- 59 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an bhfíoras nach féidir a léiriú le sonraí eolaíocha agus breathnóireacht ar na héin éagsúil atá i gceist, go bhfuil speicis éan atá i stádas caomhnaithe neamhfhabhrach ar an talamh lena mbaineann, ní mór a mheabhrú, mar is léir ó mhír 45 den bhreithiúnas seo, nach bhfuil raon feidhme Airteagal 5 den Treoir maidir le hÉin teoranta do speicis éan atá i stádas caomhnaithe den sórt sin amháin.
- 60 Ar an dara dul síos, i gcás ina bhfaightear neadú de thart ar 10 bpéire éan goir in aghaidh an heicteáir i bhforaois atá le leagan, tugtar le tuiscint leis an fíoras go bhfuil glanleagan agus an leagan fothainiúil a dhéanamh san fhoraois sin le linn na tréimhse pórcháin agus tógála éan go

nglactar leis an bhféidearthacht go bhféadfaí éin a mharú nó a chur isteach orthu le linn na tréimhse sin, nó go bhféadfar a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an méid a leagtar amach i míreanna 46 go 56 den bhreithiúnas seo, cumhdaítear na gníomhartha a bhaineann le na leaganacha sin a dhéanamh, in aon chás, leis na dtairmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir maidir le hÉin agus, a mhéid atá tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise cuspóir líon na speiceas éan lena mbaineann a chothabháil nó a oiriúnú do leibhéal sásúil, an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(d) den Treoir sin.

- 61 Ar an tríú dul síos, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191(2) CFAE, ní cosúil nach bhfuil údar maith leis an mbreithniú gur neadaíodh roinnt péirí éan in aghaidh an heicteáir a bhunú ar na sonraí eolaíocha agus breathnóireacht ar na héin éagsúil, agus go háirithe, mar atá sa chás seo, ar chineál agus aois na foraoise agus ar shainaithint roinnt eiseamal, le linn cigireacht ar an talamh lena mbaineann.
- 62 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara agus ar an tríú ceist nach mór Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin a léiriú sa chaoi, i gcás ina dtacaíonn sonraí eolaíocha agus breathnóireacht ar na héin éagsúil leis an gconclúid go bhfuil thart ar 10 bpéire éan goir in aghaidh an heicteáir i bhfhoraíoch ina bhfuil sé beartaithe na crainn a leagan go hiomlán (glanleagan) nó a leagan go páirteach (leagan fothainiúil), gan é a bheith léirithe go bhfuil speicis éin atá i stádas caomhnaithe neamhfhabhrach ag neadú sa limistéar leagain, cumhdaítear na leaganacha sin le linn thréimhse pórucháin agus tógála na n-éan leis na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir sin agus, a mhéid atá tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise cuspóir líon na speiceas éan lena mbaineann a chothabháil nó a oiriúnú do leibhéal sásúil, an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(d) den Treoir sin.

An ceathrú go dtí an seachtú ceist

- 63 Lena ceathrú go dtí an seachtú ceist, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an tríú fleasc d'Airteagal 9(1)(a) den Treoir maidir le hÉin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht Ballstáit lena gceadaítear maoluithe ó na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir sin chun glanleagan nó leagan fothainiúil a dhéanamh le linn na tréimhse pórucháin agus tógála na n-éan, d'fhonn damáiste tromchúiseach don fhoraíoch mar mhaoín a chosc, agus, murach sin, an gcomhlíonann an Treoir sin Airteagail 16 agus 17 den Chairt.
- 64 Is léir ó chásdlí socair nach faoin gCúirt atá sé tuairimí comhairleacha a thabhairt ar cheisteanna ginearálta nó hipitéiseacha (breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Íospartach na gáinneála ar dhaoine a bhaint)*, C-66/21, EU:C:2022:809, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 65 I ndáil leis sin, leis an tríú fleasc d'Airteagal 9(1)(a) den Treoir maidir le hÉin, ceadaítear do na Ballstáit maolú ó na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5 den Treoir sin, go háirithe chun damáiste tromchúiseach d'fhoraíoch a chosc.
- 66 Thairis sin, dealraíonn sé go bhféadfaí maolú den sórt sin a dheonú, faoi dhlí na hEastóine, i bhfoirm údaráithe ón Oifig Comhshaoil, i gcomhréir le § 55(3) go (5¹) de LKS.

- 67 Sa chás seo, ní leanann sé ón iarraidh ar réamhrialú gur iarr na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ar údaráis na hEastóine a cheadú dóibh maolú ó na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a), (b) agus (d) den Treoir maidir le hÉin trí údaruithe a dheonú dóibh, de réir bhrí § 55(3) go (5¹) de LKS. Thairis sin, maidir le Lemeks Põlva go háirithe, is léir ón ordú tarchuir, ar achomharc, nach raibh sé ag brath ar cheann de na forais maolaithe dá bhforáiltear san fhoráil sin a bheith ann.
- 68 Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil an ceathrú go dtí an seachtú ceist hipitéiseach, tá siad do-ghlactha.

Costais

- 69 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 5(a), (b) agus (d) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(d) ach a mhéid is gá chun cosc a chur ar chur isteach atá tionchar suntasach ag baint leis i bhfianaise an cuspóir, dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir sin, líon gach speicis éan a bhíonn ann go nádúrtha sa dúiche fhiáin i gcríoch Eorpach na mBallstát lena mbaineann na Conarthaí a chothabháil nó a oiriúnú, ar leibhéal a fhreagraíonn, go háirithe, do riachtanais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus riachtanais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh. Os a choinne sin, níl cur i bhfeidhm na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir sin faoi réir coinníoll den sórt sin, fiú i gcás nach é cuspóir na gníomhaíochta daonna lena mbaineann éin a ghabháil nó a mharú nó a neadacha nó a n-uibheacha a scriosadh nó a damáistiú.

2. Maidir le hAirteagal 5(a), (b) agus (d) de Threoir 2009/147,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina dtacaíonn sonraí eolaíocha agus breathnóireacht ar na héin éagsúil leis an gconclúid go bhfuil thart ar 10 bpéire éan goir in aghaidh an heicteáir i bhforaois ina bhfuil sé beartaithe na crainn a leagan go hiomlán (glanleagan) nó a leagan go páirteach (leagan fothainiúil), gan é a bheith léirithe go bhfuil speicis éin atá i stádas caomhnaithe neamhfhabhrach ag neadú sa limistéar leagain, cumhdaítear na leaganacha sin le linn thréimhse pórúcháin agus tógála na n-éan leis na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5(a) agus (b) den Treoir sin agus, a mhéid atá tionchar suntasach ag baint leis an gcur isteach sin i bhfianaise cuspóir líon na speiceas éan lena mbaineann a chothabháil nó a oiriúnú do leibhéal sásúil, an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 5(d) den Treoir sin.

[Sínithe]